**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 5 Márta 2026 (iarraidh ar réamhrialú ó Tribunale amministrativo regionale per il Lazio – an Iodáil) – Elettronica Industriale SpA v Ministero delle Imprese e del Made in Italy**

**(Cás C-10/25 ([1]), Elettronica Industriale)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí – Treoir 2002/20/CE – Airteagal 13 – Táillí ceart úsáide minicíochtaí teilifíse digití – Treoir 2002/21/CE – Airteagal 8 – Cuspóirí ginearálta – Comhréireacht – Critéar táillí a mheas i dtaca le méid réamhshocraithe d'ioncam bliantúil le cuspóir airgeadais a bhailiú)***

(C/2026/2500)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Elettronica Industriale SpA

*Cosantóir:* Ministero delle Imprese e del Made in Italy

*idiragraí:* Persidera SpA

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 13 de Threoir 2002/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le húdarú líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (an Treoir um 'Údarú'), arna leasú le Treoir 2009/140/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 i gcomhar le hAirteagal 8 de Threoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le comhchreat rialála i gcomhair líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (an Treoir 'Réime'), arna leasú le Treoir 2009/140, mar aon le prionsabal na comhréireachta,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos critéar maidir le ríomh na dtáillí ceart úsáide minicíochtaí teilifíse digití, a chinntear ar bhonn méid réamhshainithe d'ioncam bliantúil atá le teacht as na táillí sin agus, dá bhrí sin, ar bhonn cuspóirí ginearálta de chineál airgeadais, ar an gcoinníoll go ndéantar an méid sin a ríomh ar bhealach nach sáraíonn luach na gceart úsáide le haghaidh na minicíochtaí sin.

---

([1]) IO C, C/2025/2058.